Eolas ar na:

Comhairlí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta

Nochtaimid do thuairimí

Chuir an Rialtas Comhairlí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta ar bun le hionadaíocht a dhéanamh ar thuairimí an phobail. Tá 4 Chomhairle i dTuaisceart Éireann. Faoi láthair, tá na hoifigí áitiúla lonnaithe ar an Ballymena ar an Lurgan, i m Belfast agus ar an Ómagh. Tá na Comhairlí neamhspleách orthu siúd a stiúrann agus a sholáthraíonn cúram sláinte agus sóisialta.

Tá sé mar chuspóir againn:

- **Oibriú ar do shon chun réimse, cineál agus caighdeán na seirbhísí a fheabhsú**
- **Caighdeán na seirbhísí áitiúla a mheas go leanúnach**
- **Seasamh do dhearcadh an phobail maidir le hathruithe ar sheirbhísí atá i bhfeidhm agus maidir le seirbhísí nua atá le teacht isteach**
- **Fáil amach cén tuairim atá ag daoine ar na seirbhísí**
- **Acmhainní eolais ar ábhair sláinte agus cúram sóisialta a chur ar fáil**
- **Comhairle agus cuidiú a thabhairt más mian le duine gearán a dhéanamh**

Labhair amach chun cuidiú linn

Tá muid neamhspleách agus oibrímid ar son an duine aonair agus ar son an phobail áitiúil. Cuirimid cuidiú ar fáil duit chun do thuairimí a nochtadh maidir le seirbhísí nó feabhsaithe atá de dhíth i do cheantar. Coinnímid súil ar na seirbhísí seo agus tá baint againn le grúpaí áitiúla, rud a chinntíonn go dtarraingítear ceisteanna tábhachtacha anuas:

Chun cuidiú linn:

- **Inis dúinn cad tá ag teastáil uait i dtaca le seirbhísí sláinte agus sóisialta**
- **Cuir in iúl dúinn mura bhfuil tú sásta leis an chúram a fuair tú nó a fuair daoine eile**
- **Nocht do thuairimí ar phleananna agus ar athruithe atá beartaithe do sheirbhísí.**

Más mian leat bheith páirteach, is féidir freastal ar chruinniú ar bith den Chomhairle Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta áitiúil. Is féidir freisin go n-iarrfar ort do thuairimí ar cheisteanna áitiúla a nochtadh trí ghrúp-imeachtaí agus imeachtaí poiblí agus trí shuirbhéanna.

De rogha air sin, is féidir clárú mar bhall den Chomhairle Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta.

Chun teagmháil a dhéanamh linn: Saorfón 0800 9170 222, nó féach an suíomh idirlín www.hsscouncils.org le tuilleadh eolais a fháil.

Bileoigíní - : cúram : gearáin : comhairlí : fiaclach : gnáthdhochtúir : otharlanna : radharceolaithe : cógaslann : cuntais :

Eastern Health and Social Services Council, 1st Floor, McKelvey House, 25-27 Wellington Place, Belfast, BT1 6GQ
Freephone: 0800 917 0222 Fax: (028) 9032 1750 Minicom: (028) 9032 1285
E-mail:enquiries@ehssc.org